BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Ceathrú Dlísheomra)

13 Márta 2025 *

(Tarchur chun réamhrialú – Soláthar poiblí san Aontas Eorpach – Treoir 2014/24/AE – Airteagal 25 – Oibreoirí eacnamaíocha atá bunaithe i dtríú tír nár thug comhaontú idirnáisiúnta i gcrích leis an Aontas lena n-áirithítear, ar bhealach cómhalartach agus comhionann, rochtain ar sholáthar poiblí – Easpa ceart ag na hoibreoirí eacnamaíocha sin chun 'cóir nach lú fabhar' – Oibreoir eacnamaíoch den chineál sin a eisiamh ó nós imeachta um soláthar poiblí faoi reachtaíocht náisiúnta – Inniúlacht eisiach an Aontais)

I gCás C-266/22,

IARRAIDH ar réamhrialú de bhun Airteagal 267 CFAE, ó Curtea de Apel București (Cúirt Achomhairc Bhúcairist, an Rómáin), trí bhreith an 23 Márta 2022, a fuarthas ag an gCúirt an 20 Aibreán 2022, sna himeachtaí

CRRC Qingdao Sifang Co. Ltd,

Astra Vagoane Călători SA

v

Autoritatea pentru Reformă Feroviară,

Alstom Ferroviaria SpA,

tugann AN CHÚIRT (an Ceathrú Dlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: C. Lycourgos (Rapóirtéir), Uachtarán an Tríú Dlísheomra, ag feidhmiú mar Uachtarán an Cheathrú Dlísheomra, S. Rodin agus O. Spineanu-Matei, Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: A. Rantos,

Cláraitheoir: A. Calot Escobar,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn,

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha arna dtíolacadh thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

– CRRC Qingdao Sifang Co. Ltd agus Astra Vagoane Călători SA, ag D. Cristea, Abhcóide,

* Teanga an cháis: an Rómáinis.

– an Autoritatea pentru Reformă Feroviară, ag D. Feraru, S. A. Roşeanu agus I.-D. Şohan, i gcáil Gníomhairí,

– Alstom Ferroviaria SpA, ag C. Ciolan agus O. Gavrilă, Abhcóidí,

– Rialtas na hOstaire, ag J. Schmoll, i gcáil Gníomhaire,

– an Coimisiún Eorpach, ag A. Biolan, G. Gattinara, P. Ondrůšek agus G. Wils, i gcáil Gníomhairí,

tar éis éisteacht le Tuairim an Abhcóide Ghinearálta ag éisteacht an 11 Bealtaine 2023,

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Baineann an iarraidh ar réamhrialú le léiriú Airteagal 2(1)(13), Airteagal 18(1), Airteagal 25 agus Airteagal 49 de Threoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE (IO 2014 L 94, lch. 65) agus le prionsabail na deimhneachta dlíthiúla agus le hionchais dhlisteanacha a chosaint.

2 Rinneadh an iarraidh seo in imeachtaí idir cuibhreannas atá comhdhéanta de CRRC Qingdao Sifang Co. Ltd agus Astra Vagoane Călători SA (le chéile 'an cuibhreannas'), an Autoritatea pentru Reformă Feroviară (an tÚdarás um Athchóiriú Iarnróid, an Rómáin) ('ARF') agus Alstom Ferroviaria SpA, maidir le cinneadh ARF an cuibhreannas sin a eisiamh ó nós imeachta soláthair chun traenacha leictreacha a sholáthar agus chun seirbhísí cothabhála agus deisiúcháin a sholáthar do na traenacha sin, ar an bhforas gur cuideachta atá bunaithe sa tSín é CRRC Qingdao Sifang, atá ina cheannaire ar an gcuibhreannas sin.

An dlí lena mbaineann

Dlí an Aontais

Treoir 2014/24

3 Foráiltear le haithrisí 1 agus 17 de Threoir 2014/24:

'(1) Ní mór do sholáthar poiblí ag údaráis na mBallstát nó thar ceann na n-údarás sin a bheith i gcomhréir le prionsabail an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), go háirithe saorghluaiseacht earraí, saoirse bunaíochta agus saoirse chun seirbhísí a sholáthar, mar aon leis na prionsabail a eascraíonn astu amhail cóir chomhionann, neamh-idirdhealú, aitheantas frithpháirteach, comhréireacht agus trédhearcacht. Mar sin féin, i gcás conarthaí poiblí os cionn méid áirithe, ba cheart forálacha a fhorbairt chun nósanna imeachta soláthair náisiúnta a chomhordú chun a áirithiú go n-urramaítear na prionsabail sin i ndairíre agus go bhfuil an soláthar poiblí oscailte don iomaíocht.

[...]

(17) D'fhormheas Cinneadh 94/800/CE ón gComhairle [an 22 Nollaig 1994 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh, na gcomhaontuithe a baineadh amach i mBabhta Uragua den chaibidlíocht iltaobhach (1986 go 1994) (IO 1994 L 336, lch. 1), a mhéid a bhaineann leis na hábhair laistigh dá inniúlacht féin], go háirithe Comhaontú na hEagraíochta Domhanda Trádála maidir le Soláthar Rialtas ('an Comhaontú maidir le Soláthar Rialtais'). Is é is aidhm don Chomhaontú maidir le Soláthar Rialtais creat iltaobhach a bhunú le haghaidh cearta agus oibleagáidí cothromaithe a bhaineann le conarthaí poiblí d'fhonn léirscaoileadh agus leathnú na trádála domhanda a bhaint amach. Maidir le conarthaí a chumhdaítear le hIarscríbhinní 1, 2, 4 agus 5 agus leis na Nótaí Ginearálta a bhaineann leis an Aontas Eorpach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gComhaontú maidir le Soláthar Rialtais, chomh maith le comhaontuithe idirnáisiúnta ábhartha eile a bhfuil an tAontas faoina gceangal, ba cheart d'údaráis chonarthacha na hoibleagáidí faoi na comhaontuithe sin a chomhlíonadh tríd an Treoir seo a chur i bhfeidhm maidir le hoibreoirí eacnamaíocha ó thríú tíortha is sínitheoirí leis na comhaontuithe.'
[Aistriúchán neamhoifigiúil]

4 Foráiltear le hAirteagal 2(1) den Treoir sin, dar teideal 'Sainmhínithe':

'Chun críocha na Treorach seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

[...]

10. Ciallaíonn "oibreoir eacnamaíoch" aon duine nádúrtha nó dlítheanach, nó eintiteas poiblí nó grúpa de dhaoine nó d'eintitis den sórt sin, lena n-áirítear aon chomhlachas sealadach de ghnóthais, a chuireann oibreacha nó obair a thabhairt i gcrích ar fáil, táirgí a sholáthar nó seirbhísí a sholáthar ar an margadh;

[...]

13. ciallaíonn "doiciméad soláthair" aon doiciméad arna chur ar fáil ag an údarás conarthach nó aon doiciméad ar dhéanann sé tagairt ina leith chun cur síos a dhéanamh ar ghnéithe den soláthar nó den nós imeachta nó chun gnéithe den soláthar nó den nós imeachta a chinneadh, lena n-áirítear an fógra conartha, an fógra réamhfhaisnéise i gcás ina n-úsáidtear é mar mhodh chun comórtas a ghairm, na sonraíochtaí teicniúla, an doiciméad tuairisciúil, coinníollacha beartaithe an chonartha, formáidí le húsáid agus doiciméid arna gcur isteach ag na hiarrthóirí agus ag na tairgeoirí, faisnéis faoi na hoibleagáidí is infheidhme go ginearálta agus aon doiciméid bhreise;

[...]'
[Aistriúchán neamhoifigiúil]

5 Faoi Airteagal 7 den Treoir sin, dar teideal 'Soláthar in earnálacha an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist':

'Ní bheidh feidhm ag an Treoir seo maidir le conarthaí poiblí nó comórtais arna ndámhachtain nó arna n-eagrú, faoi Threoir 2014/25/AE [ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar arna dhéanamh ag eintitis a fheidhmíonn in earnáil an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/17/CE (IO 2014 L 94, lch. 243)], ag údaráis chonarthacha a dhéanann ceann amháin nó níos mó de na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in

Airteagail 8 go 14 den Treoir sin agus arna ndámhachtain chun na gníomhaíochtaí sin a shaothrú [...]'
[Aistriúchán neamhoifigiúil]

6 Foráiltear leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 18(1) de Threoir 2014/24, dar teideal 'Prionsabail an tsoláthair', go gcaithfidh na húdaráis chonarthacha go cothrom le hoibreoirí eacnamaíocha agus gan idirdhealú agus go ngníomhóidh siad ar bhealach trédhearcach agus comhréireach.

7 Is mar a leanas atá an fhoclaíocht in Airteagal 25 den Treoir sin, dar teideal 'Coinníollacha a bhaineann leis an gComhaontú maidir le Soláthar Rialtais agus comhaontuithe idirnáisiúnta eile':

'A mhéid go gcumhdaítear iad le hIarscríbhinní 1, 2, 4 agus 5 agus na Nótaí Ginearálta a bhaineann le Foscríbhinn I a ghabhann leis an gComhaontú maidir le Soláthar Rialtais agus le comhaontuithe idirnáisiúnta eile a bhfuil an tAontas faoina gceangal, déanfaidh údaráis chonarthacha cóir a dhéanamh le hoibreacha, le soláthairtí, le seirbhísí agus le hoibreoirí eacnamaíocha shínitheoirí na gcomhaontuithe sin nach lú fabhar ná an chóir a dhéantar le hoibreacha, le soláthairtí, le seirbhísí agus le hoibreoirí eacnamaíocha an Aontais.'
[Aistriúchán neamhoifigiúil]

8 Foráiltear le hAirteagal 27(1) den Treoir sin, dar teideal 'Nós imeachta oscailte':

'I nósanna imeachta oscailte, féadfaidh aon oibreoir eacnamaíoch ar spéis leis é tairiscint mar fhreagairt ar ghlao ar iomaíocht a thíolacadh.

[...]'
[Aistriúchán neamhoifigiúil]

9 De réir Airteagal 49 den Treoir chéanna, dar teideal 'Fógra conartha':

'Úsáidfear fógraí conartha mar mhodh chun comórtas a ghairm le haghaidh gach nós imeachta, gan dochar don dara fomhír d'Airteagal 26(5) agus d'Airteagal 32. Áireofar sna fógraí conartha an fhaisnéis a leagtar amach in Iarscríbhinn V, Cuid C agus foilseofar iad i gcomhréir le hAirteagal 51.'
[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Treoir 2014/25

10 Foráiltear le haithrisí 2 agus 27 de Threoir 2014/25:

'(2) Chun a áirithiú go ndéanfar conarthaí soláthair phoiblí a dhéanann eintitis a oibríonn in earnálacha an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist a oscailt don iomaíocht, ba cheart go bhforbrófar forálacha chun nósanna imeachta soláthair a chomhordú nuair a dhéanfaidís tionscadail atá os cionn luach áirithe. Is gá comhordú den sórt sin a dhéanamh chun prionsabail an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) a chur chun feidhme, go háirithe saorghluaiseacht earraí, saoirse bunaíochta agus saoirse chun seirbhísí a sholáthar, mar aon leis na prionsabail a eascraíonn astu amhail cóir chomhionann, neamh-idirdhealú, aitheantas frithpháirteach, comhréireacht agus trédhearcacht. [...]

[...]

(27) Le Cinneadh [94/800], formheasadh, *inter alia*, an Comhaontú maidir le Soláthar Rialtais. Is é is aidhm don Chomhaontú maidir le Soláthar Rialtais creat iltaobhach a bhunú le haghaidh cearta agus oibleagáidí cothromaithe a bhaineann le conarthaí poiblí d'fhonn léirscaoileadh agus leathnú na trádála domhanda a bhaint amach. Maidir le conarthaí a chumhdaítear le hIarscríbhinní 3, 4 agus 5 agus leis na Nótaí Ginearálta a bhaineann leis an Aontas Eorpach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gComhaontú maidir le Soláthar Rialtais, chomh maith le comhaontuithe idirnáisiúnta ábhartha eile a bhfuil an tAontas faoina gceangal, ba cheart d'údaráis chonarthacha na hoibleagáidí faoi na comhaontuithe sin a chomhlíonadh tríd an Treoir seo a chur i bhfeidhm maidir le hoibreoirí eacnamaíocha ó thríú tíortha is sínitheoirí leis na comhaontuithe.'
[Aistriúchán neamhoifigiúil]

11 Foráiltear le hAirteagal 11 den Treoir sin, dar teideal 'Seirbhísí iompair':

'Beidh feidhm ag an Treoir seo maidir le gníomhaíochtaí a bhaineann le soláthar nó oibriú líonraí a sholáthraíonn seirbhís don phobal i réimse an iompair d'iarnród, córais uathoibrithe, tram, bus tralaí, bus nó cábla.

Maidir le seirbhísí iompair, measfar gurb ann do ghréasán i gcás ina soláthraítear an tseirbhís faoi choinníollacha oibriúcháin arna leagan síos ag údarás inniúil Ballstáit, amhail coinníollacha maidir leis na bealaí a mbeidh seirbhís le déanamh orthu, an acmhainn a chuirfear ar fáil nó minicíocht na seirbhíse.'
[Aistriúchán neamhoifigiúil]

12 De réir Airteagal 43 den Treoir sin, dar teideal 'Coinníollacha a bhaineann leis an gComhaontú maidir le Soláthar Rialtais agus comhaontuithe idirnáisiúnta eile':

'A mhéid go gcumhdaítear iad le hIarscríbhinní 3, 4 agus 5 agus na Nótaí Ginearálta a bhaineann le Foscríbhinn I a ghabhann leis an gComhaontú maidir le Soláthar Rialtais agus le comhaontuithe idirnáisiúnta eile a bhfuil an tAontas faoina gceangal, déanfaidh eintitis chonarthacha, de réir bhrí Airteagal 4(1)(a), cóir a dhéanamh le hoibreacha, le soláthairtí, le seirbhísí agus le hoibreoirí eacnamaíocha shínitheoirí na gcomhaontuithe sin nach lú fabhar ná an chóir a dhéantar le hoibreacha, le soláthairtí, le seirbhísí agus le hoibreoirí eacnamaíocha an Aontais.'
[Aistriúchán neamhoifigiúil]

13 Foráiltear le hAirteagal 45(1) den Treoir chéanna, dar teideal 'Nós imeachta oscailte':

'I nósanna imeachta oscailte, féadfaidh aon oibreoir eacnamaíoch ar spéis leis é tairiscint mar fhreagairt ar ghlao ar iomaíocht a thíolacadh.

[...]'
[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Dlí na Rómáine

14 In Airteagal 3(1)(jj) den Legea nr. 98/2016 privind achiziichtiile publice (Dlí Uimh. 98/2016 maidir le soláthar poiblí) an 19 Bealtaine 2016 (*Monitorul Oficial al României*, Cuid I, Uimh. 390 an 23 Bealtaine 2016), sa leagan atá i bhfeidhm an 3 Aibreán 2020 ('an Dlí maidir le soláthar poiblí'), sainmhínítear an coincheap 'oibreoir eacnamaíoch' mar 'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, bíodh sé á rialú ag an dlí poiblí nó príobháideach, nó aon ghrúpa nó comhlachas de dhaoine den

sórt sin, lena n-áirítear aon chomhlachas sealadach arna bhunú idir dhá eintiteas den sórt sin nó níos mó, lena dtairgtear ar an margadh go dleathach oibreacha agus/nó obair a dhéanamh, táirgí a chur ar fáil nó seirbhísí a sholáthar.'

15 Foráiltear le hAirteagal 236 den Dlí maidir le Soláthar Poiblí:

'1. Beidh feidhm ag an Dlí seo maidir le nósanna imeachta soláthair phoiblí arna seoladh tar éis a theacht i bhfeidhm.

2. Beidh nósanna imeachta soláthair atá ar siúl ar dháta theacht i bhfeidhm an Dlí seo á rialú ag an dlí a bheidh i bhfeidhm ar dháta tosaithe an nós imeachta soláthair.

3. Beidh feidhm ag an Dlí seo maidir le soláthar poiblí/creat-chomhaontuithe arna dtabhairt i gcrích tar éis a theacht i bhfeidhm.

4. Maidir le conarthaí poiblí/creat-chomhaontuithe arna dtabhairt i gcrích roimh dháta theacht i bhfeidhm an Dlí seo, rialófar iad leis an dlí a bheidh i bhfeidhm ar dháta a dtabhairt i gcrích maidir lena dtabhairt i gcrích, lena leasú, lena léiriú, lena n-éifeachtaí, lena bhfeidhmiú agus lena bhfoirceannadh.'

16 Le Ordonanța de urgență a Guvernului nr. 25/2021 privind modificarea și completarea unor acte normative în domeniul achizițiilor publice (Ordú Éigeandála an Rialtais Uimh. 25/2021 lena leasaítear agus lena bhforlíontar gníomhartha reachtacha áirithe i réimse an tsoláthair phoiblí), an 31 Márta 2021 (*Monitorul Oficial al României*, Cuid I, Uimh. 346 an 5 Aibreán 2021, 'OUG Uimh. 25/2021'), a tháinig i bhfeidhm an 5 Aibreán 2021, leasaíodh roinnt forálacha den Dlí maidir le soláthar poiblí.

17 De réir Airteagal V de OUG Uimh. 25/2021:

'Is leis an reachtaíocht a bheidh i bhfeidhm ar an dáta a sheolfar iad a rialófar nósanna imeachta soláthair ina gcuirfidh oibreoirí eacnamaíocha tairiscintí isteach ar an dáta a dtiocfaidh an [Ordú Éigeandála Rialtais] seo i bhfeidhm.'

18 In Airteagal 3(1)(jj) den maidir le soláthar poiblí, arna leasú leis an OUG Uimh. 25/2021, sainmhínítear an coincheap 'oibreoir eacnamaíoch' mar 'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, bíodh sé á rialú ag an dlí poiblí nó príobháideach, nó aon ghrúpa nó comhlachas de dhaoine den sórt sin, lena n-áirítear aon chomhlachas sealadach arna bhunú idir dhá eintiteas den sórt sin nó níos mó, lena dtairgtear ar an margadh go dleathach oibreacha a dhéanamh, táirgí a chur ar fáil nó seirbhísí a sholáthar, agus atá bunaithe i:

(i) mBallstát den [Aontas];

(ii) mBallstát den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE);

(iii) dtríú tíortha a bhfuil [an Comhaontú maidir le Soláthar Rialtais] daingnithe acu, a mhéid a thagann an conradh poiblí arna dhámhachtain faoi réim Iarscríbhinní 1, 2, 4, 5, 6 agus 7 d'fhoscríbhinn I a ghabhann leis an gComhaontú maidir le Soláthar Rialtais;

(iv) dtríú tíortha aontachais [an Aontais];

(v) dtríú tíortha nach gcumhdaítear le pointe (iii) ach ar sínitheoirí iad le comhaontuithe idirnáisiúnta eile faoina gceanglaítear ar [an Aontas] saor-rochtain ar an margadh a dheonú i réimse an tsoláthair phoiblí'.

19 Foráiltear le hAirteagal 49 den Dlí maidir le soláthar poiblí, arna leasú le OUG Uimh. 25/2021:

'1. Ní mór d'údaráis chonarthacha déileáil le hoibreoirí eacnamaíocha go cothrom agus gan idirdhealú agus gníomhóidh siad ar mhodh trédhearcach agus comhréireach.

2. A mhéid go gcumhdaítear iad le hIarscríbhinní 1, 2, 4, 5, 6 agus 7 a bhaineann le Foscríbhinn I... a ghabhann leis an gComhaontú maidir le Soláthar Rialtais agus le comhaontuithe idirnáisiúnta eile a bhfuil an [tAontas] faoina gceangal, déanfaidh údaráis chonarthacha cóir a dhéanamh le hoibreacha, le soláthairtí, le seirbhísí agus le hoibreoirí eacnamaíocha shínitheoirí na gcomhaontuithe sin nach lú fabhar ná an chóir a dhéantar le hoibreacha, le soláthairtí, le seirbhísí agus le hoibreoirí eacnamaíocha [an Aontais].'

20 Foráiltear le hAirteagal 53(1a) den Dlí maidir le soláthar poiblí, arna leasú le OUG Uimh. 25/2021:

'Eisiafaidh an t-údarás conarthach ón nós imeachta soláthair aon duine nádúrtha nó dlítheanach ar tairgeoir aonair/tairgeoir comhlachaithe/iarrthóir/ráthóir tríú páirtí/fochonraitheoir é nach dtagann faoin sainmhíniú in Airteagal 3(1) (jj) [...]'

An díospóid sna príomhimeachtaí agus na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

21 An 3 Aibreán 2020, sheol ARF nós imeachta chun conradh poiblí a dhámhachtain, trí bhíthin glao oscailte ar thairiscintí, chun '20 traein leictreach idir-réigiúnach nua a cheannach, a thugtar RE-IR orthu, agus chun seirbhísí cothabhála agus deisiúcháin a cheannach, ar seirbhísí iad is gá chun na traenacha sin a oibriú'.

22 An 19 Aibreán 2021, chuir dhá oibreoir eacnamaíocha, eadhon an cuibhreannas agus Alstom Ferroviaria, tairiscintí isteach.

23 An 2 Samhain 2021, d'fhoilsigh ARF tuarascáil chríochnaitheach an nós imeachta soláthair phoiblí atá i gceist, lenar eisiadh an cuibhreannas agus lenar dámhadh an conradh ar Alstom Ferroviaria. Ba é an foras eisiaimh nár tháinig ceannaire an chuibhreannais, CRRC Qingdao Sifang, faoin gcoincheap 'oibreoir eacnamaíoch', de réir bhrí Airteagal 3(1)(jj) den Dlí maidir le soláthar poiblí, arna leasú le OUG Uimh. 25/2021, ag féachaint don fhíoras go bhfuil a oifig chláraithe sa tSín.

24 An 11 Samhain 2021, agus agóid á dhéanamh aige i gcoinne a eisiamh, thug an cuibhreannas caingean os comhair an Consiliul Național de Soluționare a Contestațiilor (an Chomhairle Náisiúnta um Réiteach Díospóidí, an Rómáin) ('CNSC'). I gcomhthéacs na caingne sin, d'áitigh an cuibhreannas sin go bhfuil an t-eisiamh sin, bunaithe ar chur i bhfeidhm cúlghabhálach OUG Uimh. 25/2021, ar neamhréir le Bunreacht na Rómáine agus le dlí an Aontais.

25 Le cinneadh an 31 Eanáir 2022, dhíbh CNSC an chaingean sin ar na forais seo a leanas.

26 Ar an gcéad dul síos, thug an comhlacht sin faoi deara nár chomhlíon Daon-Phoblacht na Síne aon cheann de na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 3(1)(jj)(i) go (v) den Dlí maidir le soláthar poiblí, arna leasú le OUG Uimh. 25/2021.

27 Ar an dara dul síos, chinn CNSC gur chuir an cuibhreannas a thairiscint isteach an 19 Aibreán 2021, is é sin le rá, tar éis theacht i bhfeidhm OUG Uimh. 25/2021 ar an 5 Aibreán 2021.

28 Ar an tríú dul síos, chuir an comhlacht sin in iúl, faoi Airteagal V de OUG Uimh. 25/2021, nach bhfuil ach nósanna imeachta soláthair phoiblí inar chuir oibreoirí eacnamaíocha tairiscintí isteach roimh dháta theacht i bhfeidhm an Ordaithe Éigeandála Rialtais sin faoi rialú ag an reachtaíocht atá i bhfeidhm ar an dáta a tionscnaíodh na nósanna imeachta sin. Os a choinne sin, is le OUG Uimh. 25/2021 a rialaítear nósanna imeachta soláthair phoiblí nár cuireadh aon tairiscint isteach ina leith roimh 5 Aibreán 2021, an dáta ar tháinig an dlí sin i bhfeidhm.

29 An 14 Feabhra 2022, thionscain an cuibhreannas achomharc i gcoinne chinneadh CNSC os comhair Curtea de Apel București (Cúirt Achomhairc Bhúcairist, an Rómáin), arb í an chúirt a rinne an tarchur í.

30 Ina achomharc, mhaígh an cuibhreannas gurb ionann leasú na rialacha maidir le nós imeachta um dhámhachtain conartha phoiblí, le linn an nós imeachta sin, agus sárú ar roinnt prionsabal de dhlí an Aontais, go háirithe prionsabal chosaint an ionchais dhlisteanaigh, prionsabal na deimhneachta dlíthiúla, prionsabal na neamh-aisghníomhaíochta, prionsabal na trédhearcachta agus prionsabal na córa comhionainne.

31 Measann an chúirt a rinne an tarchur gur leasaigh OUG Uimh. 25/2021 an creat dlíthiúil maidir le soláthar poiblí agus gur athshainigh sé rialacha ginearálta áirithe maidir le rannpháirtíocht i nósanna imeachta um dhámhachtain conarthaí poiblí, i gcomhréir le hAirteagal 25 de Threoir 2014/24, lena leagtar síos oibleagáid ar na Ballstáit cóir chomhionann a áirithiú, le hoibreoirí eacnamaíocha na mBallstát, d'oibreoirí eacnamaíocha ó thríú tíortha amháin a shínigh na comhaontuithe dá dtagraítear san fhoráil sin.

32 I mbrollach OUG Uimh. 25/2021, rinne Rialtas na Rómáine tagairt do chlaonadh, sna blianta roimhe seo, maidir le méadú ar líon na dtairgeoirí ó thríú tíortha atá rannpháirteach i nósanna imeachta soláthair phoiblí, lena dtugtar níos lú ráthaíochtaí maidir le comhlíonadh ceanglas áirithe amhail caighdeáin cháilíochta dheimhnithe, caighdeáin chomhshaoil agus forbartha inbhuanaithe, ceanglais a bhaineann le coinníollacha oibre agus cosaint shóisialta, chomh maith le beartais iomaíochta.

33 Tugann an chúirt a rinne an tarchur faoi deara nach ndéantar aon idirdhealú in Airteagal 25 de Threoir 2014/24, maidir leis an gcaoi a gcaitear leis na hoibreoirí eacnamaíocha dá dtagraítear san fhoráil sin, ar bhonn an ama a chuir na hoibreoirí sin a dtairiscintí isteach sna nósanna imeachta soláthair phoiblí ina bhfuil siad rannpháirteach.

34 Tá amhras ar an gcúirt sin maidir leis an méid a áirithítear, ar an gcéad dul síos, comhlíonadh phrionsabail na deimhneachta dlíthiúla agus cosaint ionchais dhlisteanacha, mar a chumhdaítear i ndlí an Aontais iad, agus, ar an dara dul síos, comhlíonadh phrionsabail na córa comhionainne, na trédhearcachta agus na comhréireachta, dá bhforáiltear le hAirteagal 18(1) de Threoir 2014/24, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 2(1)(13) agus Airteagal 49 di, i gcás ina n-eisiatar tairgeoir ar bhonn gníomh reachtach a bhfuil feidhm dlí aige agus lena leasaítear, tar éis an fógra conartha a fhoilsiú, sainmhíniú an choincheapa 'oibreoir eacnamaíoch' sa dlí náisiúnta.

35 Sna himthosca sin, chinn Curtea de Apel București (Cúirt Achomhairc Bhúcairist) bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais i gcomhair réamhrialú:

‘1) An gcuirtear cosc le prionsabail na deimhneachta [dlíthiúla] agus leis an bprionsabal i dtaobh ionchais dhlisteanacha a chosaint ar reachtaíocht náisiúnta lenar trasuíodh Airteagal 25 de [Threoir 2014/24], ón 5 Aibreán 2021, agus lenar foráladh nach féidir le hoibreoirí eacnamaíocha nach dtagann faoi raon feidhme na bhforálacha sin de dhlí an Aontais leanúint de bheith rannpháirteach i nósanna imeachta soláthair phoiblí ach amháin má tá tairiscintí tíolactha acu roimh an dáta a tháinig an leasú reachtach sin i bhfeidhm?

2) An gcuirtear cosc le phrionsabail na córa comhionainne, na trédhearcachta agus na comhréireachta a leagtar síos in Airteagal 18(1) de Threoir 2014/24, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 2(1)(13) agus Airteagal 49 di, ar tháirgeoir a eisiamh ar bhonn gníomh reachtach a bhfuil feidhm dlí aige arna ghlacadh ag rialtas Ballstáit lena leagtar síos riail nua lena leasaítear an sainmhíniú ar “oibreoir eacnamaíoch” tar éis fhoilsiú an fhógra conartha a bhaineann le nós imeachta um dhámhachtain conartha ina bhfuil an duine sin rannpháirteach?’

Nós imeachta os comhair na Cúirte Breithiúnais

36 Le cinneadh ó Uachtarán an Cheathrú Dlísheomra an 28 Meán Fómhair 2023, cuireadh bac ar na himeachtaí sa chás seo, de bhun Airteagal 55 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais, go dtí go dtabharfar an breithiúnas atá le tabhairt i gCás C-652/22, *Kolin Inşaat Turizm Sanayi ve Ticaret*.

37 An 23 Deireadh Fómhair 2024, atosaíodh na himeachtaí tar éis bhreithiúnas an 22 Deireadh Fómhair 2024, *Kolin Inşaat Turizm Sanayi ve Ticaret* (C-652/22, EU:C:2024:910).

Dlínse na Cúirte Breithiúnais

38 Áitíonn ARF agus Alstom Ferroviaria nach bhfuil dlínse ag an gCúirt na ceisteanna a tharchuirtear a scrúdú, toisc nach mbaineann na ceisteanna sin, i ndáiríre, le léiriú dhlí an Aontais, ach le léiriú rialacha an dlí náisiúnta agus le measúnú na bhfíoras, a thagann faoi dhlínse eisiach na cúirte náisiúnta.

39 Ba cheart a mheabhrú, faoi Airteagal 19(3)(b) CAE agus faoin gcéad mhír d’Airteagal 267 CFAE, go bhfuil dlínse ag an gCúirt Bhreithiúnais réamhrialuithe a thabhairt, *inter alia*, maidir le léiriú ar dhlí an Aontais.

40 Sa chás seo, ní féidir a dhíospóid go mbaineann na ceisteanna a tharchuirtear le léiriú fhorálacha agus phrionsabail dhlí an Aontais.

41 Dá bhrí sin, tá dlínse ag an gCúirt na ceisteanna sin a fhreagairt.

Inghlacthacht na gceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

42 Áitíonn ARF agus Alstom Ferroviaria go bhfuil na ceisteanna a tharchuirtear do-ghlactha toisc nach mbaineann siad le réiteach na díospóide sna príomhimeachtaí. I ndáil leis sin, tugann ARF faoi deara go bhfuil CRRC Qingdao Sifang, a eisiadh ón nós imeachta um dhámhachtain an chonartha phoiblí atá i gceist sna príomhimeachtaí, bunaithe ar chríoch Dhaon-Phoblacht na Síne, nach bhfuil comhaontú idirnáisiúnta tugtha i gcrích aici leis an Aontas Eorpach lena ráthaítear rochtain chomhionann agus chómhalartach ar chonarthaí soláthair phoiblí. Dá bhrí sin, ní thagann an chuideachta sin faoi raon feidhme Threoir 2014/24.

43 Is léir, de réir cásdlí socair, i gcomhthéacs an chomhair idir an Chúirt Bhreithiúnais agus na cúirteanna náisiúnta dá bhforáiltear in Airteagal 267 CFAE, gur don chúirt náisiúnta ar tugadh an díospóid os a comhair agus nach mór freagracht a ghlacadh as an gcinneadh breithiúnach ina dhiaidh sin, i bhfianaise imthosca sonracha an cháis, an gá atá le réamhrialú ionas go mbeidh sí in ann a breithiúnas a thabhairt agus ábharthacht na gceisteanna a chuirfidh sí faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais araon a chinneadh. Dá bhrí sin, i gcás ina mbaineann na ceisteanna arna dtarchur ag na cúirteanna náisiúnta le léiriú ar fhoráil de dhlí an Aontais Eorpaigh, tá sé de cheangal ar an gCúirt, i bprionsabal, rialú a thabhairt. Dá bhrí sin, tá toimhde ábharthachta ann maidir le ceisteanna a bhaineann le dlí an Aontais. Ní féidir leis an gCúirt Bhreithiúnais diúltú rialú a thabhairt ar cheist arna tarchur ag cúirt náisiúnta le haghaidh réamhrialú ach amháin más léir nach bhfuil baint ar bith ag an léiriú arna iarraidh le dlí an Aontais le fíricí iarbhír nó le cuspóir na díospóide sna príomhimeachtaí, más fadhb de chineál hipitéiseach í nó mura bhfuil an fhaisnéis fhíorasach agus dhlíthiúil is gá ag an gCúirt Bhreithiúnais chun freagra úsáideach a thabhairt ar na ceisteanna a cuireadh uirthi (breithiúnas an 16 Eanáir 2025, *Banco de Santander (Ionadaíocht ar thomhaltóirí aonair)*, C-346/23, EU:C:2025:13, mír 34 agus an cásdlí dá dtagraítear).

44 Sa chás seo, ní chomhlíontar na coinníollacha a d'fhéadfadh a thabhairt ar an gCúirt diúltú rialú a thabhairt ar na ceisteanna a tharchuirtear.

45 Féachann an chúirt a rinne an tarchur lena fháil amach an gcuirtear cosc le dlí an Aontais ar an gcuibhreannas a eisiamh ón nós imeachta soláthair phoiblí atá i gceist sna príomhimeachtaí, de bhun reachtaíocht náisiúnta lenar leasaíodh coincheap an 'oibreora eacnamaíoch' chun Airteagal 25 de Threoir 2014/24 a thrasuí. Sna himthosca sin, ní dhealraíonn sé nach bhfuil baint fhollasach ag an léiriú ar dhlí an Aontais atá á lorg le fíricí nó le cuspóir na díospóide sna príomhimeachtaí, nó go bhfuil an fhadhb atá i gceist hipitéiseach.

46 Is léir ó mhíreanna 45, 51 agus 67 de bhreithiúnas an 22 Deireadh Fómhair 2024, *Kolin Inşaat Turizm Sanayi ve Ticaret* (C-652/22, EU:C:2024:910), i gcás arb é is príomhthréith dó rannpháirtíocht oibreora eacnamaíoch ó thríú tír i nós imeachta um dhámhachtain conartha phoiblí san Aontas Eorpach nach bhfuil comhaontú idirnáisiúnta tugtha i gcrích aici leis an Aontas Eorpach lena ráthaítear rochtain chomhionann agus chómhalartach ar chonarthaí poiblí, nach féidir leis an oibreoir eacnamaíoch sin brath ar na rialacha maidir le soláthar poiblí atá i reachtaíocht an Aontais, amhail Airteagal 18 de Threoir 2014/24. Ós rud é nach féidir feidhm a bheith ag na rialacha maidir le soláthar poiblí atá sna Treoracha sin maidir leis an tairiscint arna cur isteach ag oibreoir eacnamaíoch ó thríú tír den sórt sin, ní féidir lena léiriú a bheith ábhartha chun díospóid arna tionscnamh ag an oibreoir eacnamaíoch sin a réiteach chun agóid a dhéanamh i gcoinne an mhodha inar cuireadh na rialacha sin i bhfeidhm sa nós imeachta um dhámhachtain atá i gceist. Dá bhrí sin, i gcomhthéacs díospóid den sórt sin, tá iarraidh ar réamhrialú lena n-iarrann an chúirt a rinne an tarchur léiriú den sórt sin do-ghlactha.

47 Mar sin féin, i gcás ina mbaineann an díospóid, mar atá sa chás seo, leis an gcaoi a bhféadfaí oibreoir eacnamaíoch ó thríú tír nach bhfuil comhaontú idirnáisiúnta tugtha i gcrích aici leis an Aontas Eorpach lena ráthaítear rochtain chomhionann agus chómhalartach ar chonarthaí poiblí a eisiamh ó nós imeachta chun conradh poiblí a dhámhachtain san Aontas Eorpach, is dócha go mbeidh cur isteach iarrata ar réamhrialú ag lorg léiriú ar fhorálacha nó ar phrionsabail dhlí an Aontais a d'fhéadfadh, de réir na cúirte a rinne an tarchur, an cheist sin a rialú, ábhartha maidir le réiteach na díospóide a thugtar os a comhair.

48 Dá bhrí sin, tá na ceisteanna a tharchuirtear sa chás seo inghlactha.

Na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

49 Lena ceisteanna, ar cheart iad a scrúdú le chéile, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an bhfuil prionsabail chosaint an ionchais dhlisteanaigh agus na deimhneachta dlíthiúla, chomh maith le hAirteagal 18(1), arna léamh i gcomhar le hAirteagal 2(1)(13) agus Airteagal 49 de Threoir 2014/24, le léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc leo ar oibreoir eacnamaíoch ó thríú tír nach bhfuil comhaontú idirnáisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 25 den Treoir sin tugtha i gcrích aici leis an Aontas a eisiamh ó nós imeachta um dhámhachtain conartha phoiblí arna eagrú i mBallstát, ar bhonn reachtaíocht náisiúnta a tháinig i bhfeidhm tar éis an fógra conartha a fhoilsiú, ach sula ndearna an t-oibreoir eacnamaíoch sin a thairiscint.

Barúlacha tosaigh

50 Mar réamhphointe, ba cheart a thabhairt faoi deara, ag féachaint d'ábhar an nós imeachta um dhámhachtain an chonartha phoiblí atá i gceist sna príomhimeachtaí, eadhon traenacha atá beartaithe d'iompar d'iarnród agus seirbhísí cothabhála agus deisiúcháin a cheannach, nach bhféadfadh an nós imeachta sin teacht faoi raon feidhme Threoir 2014/24, dá dtagraítear san iarraidh ar réamhrialú, ach faoi raon feidhme Threoir 2014/25.

51 I gcomhréir le hAirteagal 7 de Threoir 2014/24, ní bhaineann raon feidhme na Treorach sin le conarthaí poiblí in earnáil na seirbhísí iompair, mar a shainmhínítear in Airteagal 11 de Threoir 2014/25 (breithiúnas an 1 Lúnasa 2022, *Roma Multiservizi agus Rekeep*, C-332/20, EU:C:2022:610, mír 64).

52 Sonraítear in Airteagal 11 de Threoir 2014/25, dar teideal 'Seirbhísí iompair', sa chéad mhír, go bhfuil feidhm ag an Treoir sin maidir le gníomhaíochtaí atá dírithe ar sholáthar nó oibriú líonraí atá beartaithe chun seirbhís a sholáthar don phobal, go háirithe i réimse an iompair d'iarnród. Faoin dara mír den Airteagal sin, tá gréasán ann i gcás ina soláthraítear an tseirbhís iompair faoi choinníollacha oibriúcháin arna leagan síos ag údarás inniúil Ballstáit, amhail coinníollacha maidir leis na bealaí a mbeidh seirbhís le déanamh orthu, an acmhainn a chuirfear ar fáil nó minicíocht na seirbhíse.

53 Sa chás seo, is faoin gcúirt a rinne an tarchur atá sé a chinneadh an dtagann an nós imeachta chun an conradh poiblí atá i gceist sna príomhimeachtaí a dhámhachtain faoi raon feidhme Threoir 2014/25 de bhun Airteagal 11 di, agus sa chás sin ní thiocfadh an nós imeachta sin faoi raon feidhme Threoir 2014/24, i gcomhréir le hAirteagal 7 den Treoir sin.

54 É sin ráite, dréachtaíodh Airteagal 25 de Threoir 2014/24 i dtéarmaí atá coibhéiseach leis na téarmaí in Airteagal 43 de Threoir 2014/25.

55 Dá bhrí sin, cé go bhféadfaí an nós imeachta sin a chumhdach ní le Treoir 2014/24 ach le Treoir 2014/25, ní féidir leis sin difear a dhéanamh do scrúdú na gceisteanna a tharchuirtear. Ní mór a mheas go ndearnadh an scrúdú sin, a dhéanfar i bhfianaise Airteagal 25 de Threoir 2014/24, i bhfianaise Airteagal 43 de Threoir 2014/25 freisin, i gcás ina gcinneann an chúirt a rinne an tarchur go dtagann an nós imeachta chun conradh poiblí atá i gceist sna príomhimeachtaí a dhámhachtain faoi raon feidhme na Treorach sin.

Substaint an cháis

56 Tá an tAontas faoi cheangal, i ndáil le tríú tíortha áirithe, ag comhaontuithe idirnáisiúnta, go háirithe an Comhaontú maidir le Soláthar Rialtais, lena n-áirithítear, ar bhealach cómhalartach agus comhionann, rochtain d'oibreoirí eacnamaíocha an Aontais ar sholáthar poiblí sna tríú tíortha sin agus na hoibreoirí eacnamaíocha de na tríú tíortha sin ar sholáthar poiblí san Aontas. Léirítear le hAirteagal 25 de Threoir 2014/24 na gealltanais idirnáisiúnta seo atá ag an Aontas trína lua, sa mhéid a leagtar amach leis an gComhaontú maidir le Soláthar Rialtais nó le coinbhinsiúin idirnáisiúnta eile a bhfuil an tAontas faoi cheangal acu, nach mór d'eintitis chonarthacha na mBallstát is páirtithe i gcomhaontú den sórt sin cóir nach lú fabhar a thabhairt d'oibreoirí eacnamaíocha ó thríú tíortha atá ina bpáirtithe de chomhaontú den sórt sin ná an chóir a thugtar d'oibreoirí eacnamaíocha an Aontais (féach, chuige sin, breithiúnas an 22 Deireadh Fómhair 2024, *Kolin Inşaat Turizm Sanayi ve Ticaret*, C-652/22, EU:C:2024:910, míreanna 41 agus 42).

57 Ní dhearna na tríú tíortha eile comhaontú idirnáisiúnta den chineál sin leis an Aontas go dtí seo. Áirítear orthu sin Daon-Phoblacht na Síne.

58 Leis an gceart a thugtar le hAirteagal 27(1) de Threoir 2014/24, '[d']aon oibreoir eacnamaíoch ar spéis leis' tairiscint a thíolacadh mar fhreagairt ar ghlao ar thairiscintí i gcomhthéacs nós imeachta oscailte chun conradh poiblí a dhámhachtain san Aontas, ní chuimsítear oibreoirí eacnamaíocha ó na tríú tíortha sin nár thug comhaontú idirnáisiúnta den sórt sin i gcrích leis an Aontas. Dá dtabharfaí léiriú nua ar an bhforáil sin agus mar sin dá mbeadh raon feidhme pearsanta na Treorach sin neamhtheoranta, mar a thug an tAbhcóide Ginearálta faoi deara, go bunúsach, i míreanna 65 go 73 dá Thuairim, b'ionann sin agus rochtain chothrom a áirithiú d'oibreoirí eacnamaíocha ó thríú tíortha ar nósanna imeachta soláthair phoiblí san Aontas. Bheadh sé d'éifeacht aige sin ceart chun córa nach lú fabhar a thabhairt dóibh de shárú ar Airteagal 25 den Treoir sin, lena dteorannaítear tairbhe an chirt sin d'oibreoirí eacnamaíocha ó thríú tíortha a bhfuil comhaontú idirnáisiúnta tugtha i gcrích acu leis an Aontas Eorpach amhail siúd dá dtagraítear san Airteagal sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 22 Deireadh Fómhair 2024, *Kolin Inşaat Turizm Sanayi ve Ticaret*, C-652/22, EU:C:2024:910, míreanna 46 agus 47).

59 Dá bhrí sin, ní mór Treoir 2014/24 a thuiscint sa chaoi nach ráthaítear rochtain oibreoirí eacnamaíocha ó thríú tíortha dá dtagraítear i mír 57 den bhreithiúnas seo ar nósanna imeachta soláthair phoiblí san Aontas Eorpach. Ciallaíonn sé sin go bhféadfar na hoibreoirí sin a eisiamh ó na nósanna imeachta sin nó a ligean isteach chucu, cé nach bhfuil siad in ann brath ar an Treoir sin nó a iarraidh go ndéileálfar lena dtairiscintí ar an mbealach céanna leis na tairiscintí arna dtíolacadh ag tairgeoirí ó na Ballstáit agus ag tairgeoirí ó thríú tíortha dá dtagraítear in Airteagal 25 den Treoir sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 22 Deireadh Fómhair 2024, *Kolin Inşaat Turizm Sanayi ve Ticaret*, C-652/22, EU:C:2024:910, míreanna 45 agus 47).

60 Aon ghníomh a bhfuil feidhm ghinearálta aige arb é is cuspóir sonrach dó na coinníollacha eisiaimh nó rochtana sin a chinneadh d'oibreoirí eacnamaíocha ó thríú tír, tagann sé faoi inniúlacht eisiach an Aontais Eorpaigh faoi Airteagal 3(1)(e) CFAE i réimse an chomhbheartais tráchtála. Is amhlaidh atá i gcás na ngníomhartha, in éagmais comhaontú arna thabhairt i gcrích idir an tAontas agus tríú tír, lena leagtar síos go haontaobhach agus, i gcás inarb infheidhme, conas is féidir leis na hoibreoirí eacnamaíocha ó thríú tíortha a bheith rannpháirteach i soláthar poiblí san Aontas. Dála na gcomhaontuithe den chineál sin, tá éifeachtaí díreacha agus láithreacha ag na gníomhartha aontaobhacha sin ar thrádáil in earraí agus seirbhísí idir na tríú tíortha sin agus an tAontas (féach, chuige sin, breithiúnas an 22 Deireadh Fómhair 2024, *Kolin Inşaat Turizm Sanayi ve Ticaret*, C-652/22, EU:C:2024:910, mír 57).

61 Leanann sé ón méid sin go bhfuil inniúlacht ag an Aontas amháin gníomh a bhfuil feidhm ghinearálta aige a ghlacadh maidir le rochtain d'oibreoirí eacnamaíocha ó thríú tíortha nár thug comhaontú idirnáisiúnta leis an Aontas ar nósanna imeachta soláthair phoiblí laistigh den Aontas, lena n-áirithítear rochtain chomhionann agus chómhalartach ar sholáthar poiblí, trí chóras rochtana ráthaithe ar nósanna imeachta do na hoibreoirí eacnamaíocha sin nó córas a fhágann amach iad nó lena bhforáiltear do choigeartú ar an toradh a bheidh ar a dtairiscintí a chur i gcomparáid leis na tairiscintí arna dtíolacadh ag na hoibreoirí eacnamaíocha eile (breithiúnas an 22 Deireadh Fómhair 2024, *Kolin Inşaat Turizm Sanayi ve Ticaret*, C-652/22, EU:C:2024:910, mír 61).

62 Go deimhin, de bhun Airteagal 2(1) CFAE, i réimsí ina bhfuil inniúlacht eisiach ag an Aontas, is é an tAontas amháin a fhéadfaidh reachtaíocht agus gníomhartha a bheidh ceangailteach ó thaobh dlí a ghlacadh, gan na Ballstáit a bheith in ann gníomhú amhlaidh ach amháin má chumhachtaíonn an tAontas amhlaidh iad nó chun gníomhartha an Aontais a chur chun feidhme. Níor thug an tAontas an chumhacht do na Ballstáit reachtaíocht nó gníomhartha atá ceangailteach ó thaobh dlí a ghlacadh a bhaineann le rochtain d'oibreoirí eacnamaíocha ó thríú tíortha ar nósanna imeachta soláthair phoiblí nár thug comhaontú idirnáisiúnta leis an Aontas i gcrích. Níor ghlac an tAontas Eorpach, go dtí seo, bearta den chineál sin a d'fhéadfadh na Ballstáit a chur chun feidhme (breithiúnas an 22 Deireadh Fómhair 2024, *Kolin Inşaat Turizm Sanayi ve Ticaret*, C-652/22, EU:C:2024:910, mír 62).

63 In éagmais gníomhartha arna nglacadh ag an Aontas, beidh an t-údarás conarthach freagrach as a mheas ar cheart oibreoirí eacnamaíocha ó thríú tír nár thug comhaontú idirnáisiúnta i gcrích leis an Aontas lena n-áirithítear rochtain chomhionann agus chómhalartach ar sholáthar poiblí ar nós imeachta chun conradh poiblí a dhámhachtain agus, sa chás a chinneann sé glacadh leo, ar cheart foráil a dhéanamh do choigeartú ar an toradh ar chomparáid a dhéanamh idir na tairiscintí ó na hoibreoirí sin agus na tairiscintí arna dtíolacadh ag na hoibreoirí eile (breithiúnas an 22 Deireadh Fómhair 2024, *Kolin Inşaat Turizm Sanayi ve Ticaret*, C-652/22, EU:C:2024:910, mír 63).

64 Sa chás seo, ní raibh aon fhoráil i ndlí an Aontais lenar ceanglaíodh go gceadófaí nó go n-eisiafaí oibreoirí eacnamaíocha ó thríú tír nach raibh comhaontú idirnáisiúnta tugtha i gcrích aici leis an Aontas Eorpach lena ráthaítear rochtain chomhionann agus chómhalartach ar nósanna imeachta soláthair phoiblí. I bhfianaise na rialacha dá dtagraítear i míreanna 60 go 62 den bhreithiúnas seo, ar dá réir, in éagmais údarú ón Aontas Eorpach nó gníomh de chuid an Aontais is féidir a chur chun feidhme, go bhfuil toirmeasc ar na Ballstáit reachtaíocht a rith i réimse an chomhbheartais tráchtála, ní fhéadfaí an reachtaíocht náisiúnta atá i gceist sna príomhimeachtaí lena gceanglaítear ar an údarás conarthach na hoibreoirí eacnamaíocha sin a eisiamh a chur i

bhfeidhm. Ba faoin údarás conarthach a bhí sé cinneadh a dhéanamh, sna himthosca dá dtagraítear sa mhír roimhe seo den bhreithiúnas seo, ar cheart an cuibhreannas a ligean isteach nó a eisiamh.

65 Sna himthosca sin, ní bhaineann sé le hábhar gur tháinig an reachtaíocht náisiúnta sin i bhfeidhm tar éis fhoilsiú an fhógra conartha, ach sular chuir oibreoir eacnamaíoch na Síne a thairiscint isteach.

66 Ní mór a thabhairt faoi deara, thairis sin, os rud é nach bhfuil ag oibreoirí eacnamaíocha ó thríú tíortha nár thug comhaontú idirnáisiúnta i gcrích leis an Aontas lena n-áirithítear rochtain chomhionann agus chómhalartach ar sholáthar poiblí ceart chun cóireála nach lú fabhar de bhun Airteagal 25 de Threoir 2014/24, is féidir le húdarás conarthach modúlachtaí cóireála a leagan amach, sna doiciméid soláthair, atá dírithe ar an difríocht oibiachtúil a léiriú idir staid dhlíthiúil n-oibreoirí sin, ar thaobh amháin, agus staid dhlíthiúil na n-oibreoirí eacnamaíocha ón Aontas agus ó na tríú tíortha a bhfuil comhaontú den sórt sin tugtha i gcrích acu leis an Aontas, de réir bhrí Airteagal 25, ar an taobh eile. Cé gur féidir nach mór do na modúlachtaí cóireála sin a bheith i gcomhréir le prionsabail agus ceanglais áirithe, amhail prionsabal na deimhneachta dlíthiúla agus i dtaobh ionchais dhlisteanacha, ní féidir achomharc chun sárú ar na prionsabail sin arna dhéanamh ag an údarás conarthach a scrúdú ach amháin i bhfianaise an dlí náisiúnta, agus ní i bhfianaise dhlí an Aontais (féach, chuige sin, breithiúnas an 22 Deireadh Fómhair 2024, *Kolin Inşaat Turizm Sanayi ve Ticaret*, C-652/22, EU:C:2024:910, míreanna 64 agus 66).

67 I bhfianaise an mhéid sin roimhe seo, is é an freagra ar na ceisteanna a tharchuirtear ná nach mór Airteagal 3(1)(e) CFAE, lena dtugtar inniúlacht eisiach don Aontas Eorpach in ábhair a bhaineann leis an gcomhbheartas tráchtála, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 2(1) CFAE, a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc leis, in éagmais gníomh de chuid an Aontais lena bhforchuirtear nó lena dtoirmeasctar rochtain ar nósanna imeachta soláthair phoiblí ag oibreoirí eacnamaíocha ó thríú tír nach bhfuil comhaontú idirnáisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 25 de Threoir 2014/24 tugtha i gcrích aici leis an Aontas Eorpach, ar údarás conarthach Ballstáit oibreoir eacnamaíoch ó thríú tír den sórt sin a eisiamh ar bhonn gníomh reachtach a ghlac an Ballstát sin gan údarú a fháil ón Aontas Eorpach é sin a dhéanamh, agus nach mbaineann sé le hábhar i ndáil leis sin gur tháinig an gníomh reachtach sin i bhfeidhm tar éis fhoilsiú an fhógra conartha.

Costais

68 Ós rud é, a mhéid a bhaineann leis na páirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte a rinne an tarchur, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a chur faoi bhráid na Cúirte, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt (an Ceathrú Dlísheomra) mar seo a leanas:

Maidir le hAirteagal 3(1)(e) CFAE, lena dtugtar inniúlacht eisiach don Aontas Eorpach in ábhair a bhaineann leis an gcomhbheartas tráchtála, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 2(1) CFAE,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

cuirtear cosc leis, in éagmais gníomh de chuid an Aontais lena bhforchuirtear nó lena dtoirmeasctar rochtain ar nósanna imeachta soláthair phoiblí ag oibreoirí eacnamaíocha ó thríú tír nach bhfuil comhaontú idirnáisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 25 de Threoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE tugtha i gcrích aici leis an Aontas Eorpach, ar údarás conarthach Ballstáit oibreoir eacnamaíoch ó thríú tír den sórt sin a eisiamh ar bhonn gníomh reachtach a ghlac an Ballstát sin gan údarú a fháil ón Aontas Eorpach é sin a dhéanamh, agus nach mbaineann sé le hábhar i ndáil leis sin gur tháinig an gníomh reachtach sin i bhfeidhm tar éis fhoilsiú an fhógra conartha.

Sínithe